Agus sinn ag tógáil ar an taithí institiúideach atá againn agus ag ailíniú leis an Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas go 2030, mar aon le treochtaí in oideachas tríú leibhéal go hidirnáisiúnta, measaimid le linn na 10 go 15 bliana seo romhainn go mbeidh athrú ar an tírdhreach ardoideachais ina bhfeidhmímid sna slíte suntasacha seo a leanas:

- Athruithe ar phróifílí agus riachtanais na mac léinn
- Riachtanais i gcomhair ilmhodhanna seachadta
- Líon breise mac léinn
- Raon leathnaithe seirbhísí agus tairiscintí
- Domhandú méadaithe an Ardoideachais, na fiontraíochta agus na sochaí
- Athruithe ar dheiseanna agus dúshláin mhaoinithe

D'fhonn leas a bhaint as na deiseanna a bheidh le fáil ón tírdhreach seo sa toadhchaí (agus chun na dúshláin a thugann siad a shárú), tiocfaidh fás agus athrú ar CIT mar institiúid. Déanfar príomh-Ollscoi Teicneolaíochta idirnáisiúnta dínn a bheidh dírithe ar thionchar dearfach a imirt agus sinn ag saibhriú shaol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta an réigiúin agus go náisiúnta. Imreofar an tionchar trínár soláthar leanúnach oideachais, taighde agus seirbhísí eile a choinníonn an nasc láidir idir ár gcuid gníomhaíochtaí agus riachtanais ár bpáirtithe leasmhara le linn

dúinn uailmhian agus nuálaíocht bhreise a chumasú. Is é a bheidh inár soláthar ná meascán leathan disciplíní, ar a n-áirítear STEM, staidéar gnó, daonnachtaí agus na healáiona cruthaitheacha agus taibhiúcháin, a dhéanann riachtanais na sochaí agus na fiontraíochta a chothromú le huailmhianta na mac léinn ionchasach agus tosaíochtaí straitéiseacha na hOllscoile.

Beidh an cultúr eagraíochtúil, agus é dírithe ar an bhfreagrúlacht agus ar an uileghabhálacht, mar thréith i gcónaí ag an ollscoil nua freisin. Cuirfimid deiseanna oideachasúla agus dul chun cinn ar fáil don chohórt daoine aonair is leithne is féidir.

Is é an t-eolas, agus go háirithe úsáid an eolais, na príomhbhealaí atá againn chun ár misean a chur i gcrích agus ár spriocanna a bhaint amach. Cuireann úsáid an eolais síos ar raon leathan ár ngníomhaíochtaí ón oideachas agus oiliúint go taighde agus malartú/aistriú eolais. Is é ár bpríomhfhócas mar institiúid ná an t-eolas a úsáid chun raon na ndeiseanna a chuirimid ar fáil do dhaoine aonair a leathnú agus a mhéadú agus an tionchar dearfach a imrímid ar an réigiún a uasmhéadú.

ÁR BHFÍS


Tá an fócas agus an cultúr institiúideach seo cuimsithe inár ráiteas físe mar atá:

Daoine aonair a chumhachtú agus an tsochaí a shaibhriú trí úsáid nuálach an eolais.

ÁR MISEAN

Agus sinn sa tóir ar ár bhfís trí dhul chun cinn agus fás mar institiúid beimid dílis i gcónaí dár misean agus dár ról sonrath.

Oideachas agus taighde atá mac-léinnláraithe, gairm-dhírithe a chur ar fáil d'fhorbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí níos leithne sa réigiún agus níos faide i gcéin.





ÁR LUACHANNA

Cuireann ár luachanna in iúl éiteas, prionsabail agus barrshamlacha na hInstitiúide atá mar chroílár ár gcultúir eagraíochtúil. De réir mar a chuirfean an Plean Straitéiseach seo i bhfeidhm beidh na luachanna sin mar bhuntaca agus treoir ag ár ngníomhartha agus ár gcinntí.

Uileghabhálacht

Déanaimid tréaniarracht tacú le huileghabhálacht, éagsúlacht agus comhionannas, agus aitheantas á thabhairt againn don fhiúntas a bhaineann leo do thodhchaí ár mac léinn, na foirne agus an phobail níos leithne.

Comhoibriú

Leanaimid de bheith ag tógáil phobal CIT le meas, dínit agus comhthacaíocht i measc na foirne agus na mac léinn. Lorgáimid deiseanna chun comhoibriú agus rannpháirtíocht a bheith againn le pobail áitiúla agus idirnáisiúnta.

Cruthaitheacht agus Nuálaíocht

Oilimid agus ceiliúraimid cruthaitheacht agus nuálaíocht, agus acmhainní foirne agus mic léinn á gcothú againn chun réitigh nua a shamhlú, a nuálú agus a aimsiú ar fhadhbanna agus saincheisteanna casta.

Ionracas

Táimid tiomanta do ghníomhú go heiticiúil, go macánta agus go cóir.

Foirfeacht

Déanaimid tréaniarracht an fhoirfeacht a bhaint amach i ngach gné dár gcuid gníomhaíochtaí.

ÁR STRAITÉIS GO DTÍ 2023

Tá Plean Straitéiseach uailmhianach agus dúshlánach forbartha againn atá bunaithe inár misean agus luachanna agus spreagtha ag ár bhfís straitéiseach spreagúil d'fhonn fás na hInstitiúide a spreagadh agus a threorú le linn na thréimhse go dtí 2023.

Sainaitníonn an Plean ár gcuid Tosaíochtaí Straitéiseacha (i.e. na príomhréimsí ina mbeidh

éachtaí móra ag an Institiúid le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh) chomh maith leis na Cumasóirí Straitéiseacha atá riachtanach dár rath straitéiseach. I gcás Tosaíochtaí agus Cumasóirí Straitéiseacha araon tá spriocanna ardleibhéil uailmhianacha leagtha amach againn mar aon leis na gníomhaíochtaí agus na tionscnaimh is gá chun na spriocanna sin a bhaint amach.



Léiríonn Léarscáil Straitéiseach CIT prómhghnéithe ár bPlean Straitéisigh:

FÍS	Daoine aonair a chumhachtú agus an tsochaí a shaibhriú trí úsáid nuálach an eolais				
MISEAN	Oideachas agus taighde mac léinnláraithe, gairmdhírthe a chur ar fáil d'fhorbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí níos leithne sa réigiún agus níos faide i gcéin				
LUACHANNA	Uile-ghabhálacht	Comhoibriú	Cruthaitheacht & Nuálaíocht	Ionracas	Foirfeacht
TOSAÍOCHTAÍ STRAIT-ÉISEACHA	Tionchar sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta, go réigiúnach agus go náisiúnta	Eispéaras mic léinn den scoth agus oideachas ardchaighdeáin	Taighde, rannpháirtíocht agus aistriú eolais atá nuálach, ábhartha agus a imríonn tionchar	Rochtain ionchuimsitheach ar dheiseanna oideachais agus mic léinn ilchineálacha	
CUMASÓIRÍ STRAIT-ÉISEACHA	Plé le agus cumhachtú foirne	Aibíocht eagraíochtúil agus foirfeacht fheidhmeach	Soláthar éifeachtach agus inbhuanaithe an infreastruchtúir is gá	Inbhuanaitheacht airgeadais agus freagracht fhioscach	

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH

Tionchar Sóisialta, Cultúrtha agus Eacnamaíochta, go Réigiúnach agus go Náisiúnta

Tuigimid agus glacaimid leis an bpríomhról atá againn i saibhriú shaol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta ár réigiúin. Táimid tiomanta don chomhoibriú agus do chomhpháirtíocht le fiontair, comhlachtaí poiblí agus eagraíochtaí pobail trí chéimithe tréitheacha, seirbhísí oideachais, tacaíocht d'fhiontar agus taighde a chur ar fáil, agus trí chomhoibriú i dtionscnaimh agus comhpháirtíochtaí ábhartha go réigiúnach agus go náisiúnta araon. Rachaimid i ngleic leis an rialtas, le lucht déanta polasaí agus le páirtithe leasmhara eile chun

ár misean agus ár ról a fhorbairt d'fhonn córas ardoideachais éifeachtach náisiúnta agus an toradh is fearr is indéanta do gheilleagar na hÉireann agus don tsochaí níos leithne a sheachadadh. Is éard a bheidh inár soláthar oideachais, taighde agus seirbhísí eile meascán leathan disciplíní, ar a n-áirítear STEM, staidéar gnó, daonnachtaí agus na healaíona cruthaitheacha agus taibhriúcháin, a dhéanann riachtanais na sochaí agus fiontair a chothromú le huaimhianta mhac léinn ionchasach agus tosaíochtaí straitéiseacha na hInstitiúide.



SPRIOCANNA

- Tionscnaimh shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíochta a threorú, a fhorbairt agus tacú leo.
- Deiseanna feabhsaithe, caipiteal méadaithe eacnamaíochta agus tionchar dearfach sochaíoch do Chorcaigh agus don réigiún a chur ar fáil.
- Cruthú Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht le IT Thrá Lí.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ & TIONSCNAIMH

- Comhchaidrimh agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt agus a chothú a mbeidh tionscnaimh le comhluachanna mar bhonn leo a léiríonn ár dtosaíochtaí.
- Treoir agus tacaíocht a thabhairt, trí bhallraíocht i bpríomhghrúpaí náisiúnta agus réigiúnacha agus braislí tionsclaíochta d'fhonn polasaí a mhúnú agus dul i gcion ar chinntí a imríonn tionchar ar phríomhghnéithe ár dtosaíochtaí.
- Cláir agus tionscnaimh a fhorbairt i gcomhar le comhpháirtithe d'fhonn scileanna agus cáilíochtaí phobal an réigiúin a mhéadú agus treisiú le céimithe a choinneáil sa réigiún.
- Tacú le Straitéisí Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann le haghaidh Speisialtóireachta Cliste (R1S3).
- Raon leathan tairiscintí do chianoideachas solúbtha ar líne a fhorbairt agus a chur chun cinn a bheidh ailínithe le riachtanais an láthair oibre go réigiúnach agus go náisiúnta.
- A chinntiú go mbeidh ár ngníomhaíochtaí, tosaíochtaí agus spriocanna ailínithe leis na príomhspríocanna agus straitéisí réigiúnacha de réir mar is iomchuí.

TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- Ainmniú mar Ollscoil Teicneolaíochta a bhaint amach
- Creat measúnaithe ar an tionchar sóisialta, eacnamaíochta agus cultúrtha a fhorbairt

BONNLÍNE

- Níl fáil air
- Níl fáil air

SPRIOC

- Ainmniú faighte faoi Mheán Fómhair 2019
- Forbartha faoi Bhealtaine 2019

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH

Eispéaras Thar Barr Mic Léinn agus Oideachas Ardchaighdeáin

Déanfaimid eispéaras saibhriúcháin mic léinn a thairiscint a mbeidh mar thréithe aige éagsúlacht shóisialta, ábharthacht chultúrtha agus dearcadh domhanda. Leanfaimid de bheith ag iarraidh na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a bhaint amach i dtéarmaí sheachadadh agus cáilíocht oideachais. Lena hais sin, tá sé bunriachtanach go mbainfidh ár dtairiscintí oideachais go hábhartha le riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus go gcuirfear rochtain ar fáil dóibh trí sholáthar solúbtha agus oscailte. Leanfaimid de bheith ag forbairt agus ag cothú buanna ár mac

léinn i dtimpeallacht thacúil a chuireann mar dhúshlán rompu go n-éireoidh leo agus go réitíonn sí iad chun cion dearfach a thabhairt sna gairmeacha a bheidh roghnaithe acu agus mar bhaill den tsochaí. Le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh, déanfaidh CIT tréaniarracht ar mhaithe le forbairt leanúnach na seirbhísí mic léinn agus le forbairt sheasta eispéaras foriomlán an mhic léinn. Réiteoidh ár mic léinn don tsochaí agus don láthair oibre dhomhandaithe trí deiseanna ar staidéar idirnáisiúnta agus idirnáisiúntú chuallacht mhic léinn CIT.



SPRIOCANNA

- Leanfaidh CIT de bheith ina ceannródaí agus de bheith ag cur cuir chuige nuálach i bhfeidhm a bheidh dírithe ar eispéaras, dul chun cinn agus rath an mhic léinn a fheabhsú.
- Leanúint den teagasc atá bunaithe ar thaighde agus rannpháirtíocht mic léinn leis an bhfiontraíocht agus le comhlachtaí seachtracha eile d'fhonn cur leis an eispéaras oideachasúil agus feabhas a chur ar thorthaí céimí.
- Seirbhísí mic léinn ardchaighdeán agus tacaíochtaí a chur ar fáil d'fhonn eispéaras foriomlán an mhic léinn a shabhrú.
- Deiseanna staidéir idirnáisiúnta agus idirnáisiúnú chuallacht mhic léinn CIT a fhorbairt.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ & TIONSCNAIMH

- Ár seirbhísí mic léinn a fheabhsú agus a shaincheapadh.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht lenár mic léinn d'fhonn fóiríomchuidsiú leanúnach ghuth an mhic léinn a chinntiú ag leibhéal na cinnteoireachta.
- Ár bpolasaí, straitéis agus infreastruchtúr do theagasc agus foghlaim dhigiteach a fhorbairt.
- Deiseanna a leathnú agus a mhéadú le haghaidh rannpháirtíocht mic léinn i socrúchán oibre, deiseanna staidéir thar lear agus taithí idirnáisiúnta a fháil.
- Ár gcomhpháirtíochtaí straitéiseacha idirnáisiúnta a leathnú agus a fheabhsú.
- Céimithe a fhorbairt leis na scileanna, dearcaí agus cumais chun eolas a úsáid le go mbeidh ar a gcumas go n-éireoidh leo agus go rachaidh siad chun cinn ina ngairmeacha.

TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- Straitéis um rath mic léinn a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.
- Ráta neamhchríochnaithe mic léinn
- Rátaí fostaíochta agus breis-staidéir chéimí comhcheangailte

BONNLÍNE

Níl fáil air

17%

92%

SPRIOC

Straitéis um rath mic léinn forbartha faoi Mheán Fómhair 2019

≤ 15%

≤ 90%

TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH

Taighde, Rannpháirtíocht agus Aistriú Eolais atá Nuálach, Ábhartha agus a Imríonn Tionchar

Déanfaimid gníomhaíochtaí taighde, rannpháirtíochta agus aistrithe eolais a fhorbairt agus a sheachadadh atá comhsheasmhach le, agus a chomhlánaíonn, ár misean foriomlán. Beidh na gníomhaíochtaí sin ina mbonn agus ina dtacaíocht ag gach gníomhaíocht eile, ar a n-áirítear teagasc agus foghlaim, chomh maith le gníomhaíochtaí nuálaíochta, fiontraíochta agus goir fhiontair.



SPRIOCANNA

- Ár n-ionad mar threoraí náisiúnta i gcleachtadh na rannpháirtíochta náisiúnta atá éifeachtach agus nuálach a neartú.
- Leanfaidh CIT de bheith ag tógáil ar a héiceachóras bunaithe taighde agus nuálaíochta d'fhonn tionchar go réigiúnach agus go náisiúnta a uasmhéadú. Beidh an fhorbairt sin uailmhianach ach inbhuanaithe agus déanfar í i gcomhoibriú le comhpháirtithe fiontraíochta agus poiblí.
- Leanúint de ghníomhaíocht taighde agus rolluithe iarchéime mic léinn a fhás ag teacht le straitéis taighde CIT agus tosaíochtaí náisiúnta.
- Leanfaidh CIT de bheith ina ceannaire go réigiúnach agus go náisiúnta i dtaca lena gníomhaíocht ardfheidhmíochta le haghaidh tacaíocht fiontraíochta/goir agus aistrithe/malartaithe eolais.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ & TIONSCNAIMH

- Díriú ar thaighde ildisciplíneach trasnáisiúnta a thugann aghaidh ar fhadhbanna fíordhomhanda agus a éascaíonn comhoibriú agus tráchtáil, de réir mar is iomchuí.
- Leanúint de chreat gairme taighdeora a chur i bhfeidhm ionas gur féidir le CIT taighdeoirí ardchaighdeáin a mhealladh agus a choinneáil.
- Cur le líon na dtionscadal taighde a sheachadtar don tionsclaíocht.
- Tionscnaimh léinn/scoláireachta a chur ar fáil d'fhonn mais chriticiúil a thógáil i ndisciplíní atá ann cheana féin chomh maith le tacaíocht a chur ar fáil do réimsí taighde atá chun cinn.
- Eispéaras ardchaighdeáin mic léinn a chur ar fáil do mhic léinn iarchéime trí sheirbhísí agus tacaíochtaí sain-iarchéime a chur ar fáil.
- Bacainní ar ghníomhaíocht éifeachtach aistrithe teicneolaíochta a shainaithint agus a scrios.
- Na tacaíochtaí agus na hacmhainní is gá chun gníomhaíochtaí nuálaíochta agus fiontraíochta a fhás a fhorbairt.

TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- Rolluithe mic léinn iarchéime taighde
- Maoiniú taighde sa bhliain
- Tionscadail taighde seachadta le comhpháirtithe fiontar

BONNLÍNE

153
€14m
173

SPRIOC

Méadú de 50%
Méadú de 50%
210


TOSAÍOCHT STRAITÉISEACH

Rochtain Ionchuimsitheach ar Dheiseanna Oideachais agus Cuallacht Éagsúil Mic Léinn

Leanfaimid de bheith tiomanta do na prionsabail a bhaineann le rannpháirtíocht a leathnú agus rochtain chóir, agus cinnteoidimid go mbeidh rochtain ar an ardoideachas acu siúd ag a bhfuil uaillmhian agus tallann.

Cuirfimid deiseanna oideachais ar fáil a dhéanfaidh gach duine aonair spreagtha a chumhachtú chun dul sa tóir ar fheabhsú pearsanta, intleachtúil agus gairmiúil. Beidh meas againn ar agus cosnóimid

dínit agus cearta daoine aonair trí chleachtais a chuireann an chothroime agus an chomhdheis chun cinn. Cuirfidh ár dtiomantas don chomhdheis agus don rochtain ionchuimsitheach deiseanna ar fáil d'fhoghlaimoirí a mbaineann cúinsí pearsanta éagsúla leo agus as gach grúpa sa tsochaí. Dá bhrí sin beidh cuallacht mic léinn éagsúil agus ionchuimsitheach ag CIT a sheasann don tsochaí in Éirinn agus a bhfuil gné láidir idirnáisiúnta aici.



SPRIOCANNA

- Pobal éagsúil agus beoga mic léinn.
- Méadú ar acmhainn agus shofhreachacht do riachtanais rochtana agus dul chun cinn.
- Ionchuimsitheacht a leabú sa teagasc agus i struchtúir mheasúnaithe agus inrochtaineacht ár gcuid acmhainní agus ár gcur chuige don seachadadh a athbhreithniú.
- Cuir chuige sholúbtha agus chomhoibritheach a fhorbairt don seachadadh atá taitneamhach do mhic léinn agus a spreagann iad le feidhmiú ar a ndícheall.
- Timpeallacht idirnáisiúnta agus idirchultúrtha a chur ar fáil dár mic léinn.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ & TIONSCNAIMH

- Tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do líon méadaithe mac léinn as grúpaí atá faoi ghannionadaíocht chun teacht ar an ardoideachas.
- Leanúint de bheith ag forbairt deiseanna le haghaidh rochtain mhic léinn trí mheán bealaí neamhchaighdeánacha.
- Méadú a dhéanamh ar na deiseanna d'fhoghlaimoirí lánfhásta, obairbhunaithe, ar feadh an tsaoil, páirtaimseartha agus solúbtha.
- Tacú le riachtanais acadúla agus sóisialta mac léinn le míchumais agus riachtanais éagsúla.
- Tionscnaimh a fhorbairt chun iontógáil na mac léinn idirnáisiúnta a fhorbairt.
- Cianoideachas a úsáid mar fhórsa cothromaíoch chun bacainní pearsanta, sóisialta, polaitíochta agus eacnamaíochta a leagan.
- Tacú le conairí ionchuimsitheacha a léiríonn aitheantas agus meas ar an bhfoghlaim cé acu an bhfuarthas í trí bhealaí foirmiúla nó neamhfoirmiúla.

TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- Foghlaimoirí ar feadh an tsaoil mar % de na rolluithe iomlána
- Mic léinn le míchumais mar % de hiontrálaithe iomlána
- Líon na mac léinn sa bhliain a glactar isteach trí mheán chonairí neamhchaighdeánacha

BONNLÍNE

26%

9%

7%

SPRIOC

30%

13%

10%

CUMASÓIR STRAITÉISEACH

Dul i nGleic le Baill Foirne agus á gCumhachtú

Is ar ár bhfoireann thiomanta agus thréitheach a bhraithfidh cur i bhfeidhm ár bhfíse uailmhianaí go mór. Spreagfaimid agus cumasóimid na baill foirne chun dul i ngleic lenár bhfís agus chun an ról atá acu i gcur i bhfeidhm na físe sin a fheiceáil. Cinnteoidimid go mbeidh na baill foirne cumasaithe chun déileáil leis na deiseanna agus na dúshláin a thiocfaidh rompu ar an tslí. Aithnímid agus ceiliúraimid rath agus sármhaitheas na ndaoine aonair agus na bhfoirne a dhéanann CIT faoi mar atá sí faoi láthair.



SPRIOCANNA

- Cur ar chumas na foirne dul sa tóir ar a spriocanna gairme agus cur le rath na hInstitiúide i dtimpeallacht oibre atá ionchuimsitheach, ómósach agus tacúil.
- Baill foirne a chumasú chun cur le cinnteoireacht ar fud na hInstitiúide trí chumarsáid agus comhairliúchán a fheabhsú.
- Timpeallacht chomhoibritheach oibre a chruthú agus a fhorbairt thar theorainneacha agus disciplíní.
- Cur le Forbairt Leanúnach Ghairmiúil na foirne.
- Polasaithe agus tionscnaimh a fhorbairt chun tacú le sláinte agus dea-bhail na foirne.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ & TIONSCNAIMH

- Próiseas forbartha comhphlé gairme a fhorbairt d'fhonn tacú le baill foirne a misean oideachasúil a chomhlíonadh trína gcomhcheangal aonair teagasc, taighde, nuálaíochta agus rannpháirtíochta seachtraí.
- Infheistiú san fhoireann agus dlús a chur le forás gairmiúil trí theaghlaim de líonraí, oiliúint agus deiseanna forbartha gairmiúla.
- Leanúint de chultúr na hionchuimsitheachta, na héagsúlachta agus an chomhionannais a chinntiú agus a chur chun cinn áit a mbeidh meas agus luach ar bhaill foirne ar fud na hInstitiúide.
- Seirbhísí tacaíochta foirne a mhéadú agus a fhorbairt.
- Polasaí i dtaca le dínit ag an obair a fhorbairt.
- Deiseanna a chur ar fáil do bhaill foirne chun teagasc, taighde nó staidéar a dhéanamh ag Institiúidí Ardoideachais eile in Éirinn agus go hidirnáisiúnta

TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- Polasaí i dtaca le dínit ag an obair a fhorbairt
- Gníomhaíocht clár um Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil
- Suirbhé ar an láthair oibre

BONNLÍNE

Níl fáil air

45%

Níl fáil air

SPRIOC

Forbartha faoi Eanáir 2020

≤ 65% rannpháirteach (foireann iomlán)

Suirbhé a dhéanamh agus na torthaí a fhoilsiú faoi Nollaig 2019

CUMASÓIR STRAITÉISEACH

Aibíocht Eagraíochtúil agus Foirfeacht Oibríochtúil

Aithnímid an fhreagracht atá orainn a chinntiú go mbeidh ár n-institiúid ina heagraíocht rathúil, éifeachtach, dhea-bhainistithe a bhaineann úsáid cheart as an maoiniú a fhaighimid ar son cháinócóirí an náisiúin. Dá bhrí sin táimid tiomanta d'fhorbairt leanúnach i rialachas, cinnireacht agus foirfeacht oibríochtúil.



SPRIOCANNA

- Beidh CIT ina ceannaire go náisiúnta i dtéarmaí comhlíontachta agus cleachtadh dea-rialachais.
- Straitéis chomhionannas inscne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chomhlíonfaidh Gníomh-Phlean an Tascfhórsa um Chomhionannas Inscne san Ardoideachas agus moltaí Sain-Ghrúpa 2016.
- Feidhmíocht institiúideach a fheabhsú trí mheasúnú ar fheidhmíocht bainistíochta, oiliúint agus forbairt agus pleanáil chomharbais.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ & TIONSCNAIMH

- Cód Rialachais THEA le haghaidh Institiúidí Ardoideachais a chur i bhfeidhm, chomh maith le ceannaireacht na forbartha leanúnaí ar chleachtas dea-rialachais laistigh den earnáil.
- Feidhmíocht institiúideach feabhsaithe a bhaint amach trí chreat bainistíochta straitéisí a chur i bhfeidhm a bheidh bunaithe ar an anailíseacht, sonraí feidhmíochta agus taighde scothchleachtas.
- Clár ceannaireachta agus forbairt bainistíochta a chur i bhfeidhm.
- Tionscnamh Athena SWAN a fhorbairt agus a chothú d'fhonn an gradam CRÉ-umha institiúideach a bhaint amach agus a choinneáil faoi 2023.

TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- Creidiúnú institiúideach Athena SWAN
- Clár forbartha ceannaireachta agus bainistíochta
- Bainistíocht riosca agus iniúchadh riosca-bhunaithe d'fhonn dea-rialachas a chinntiú

BONNLÍNE

- Níl fáil air
- Níl fáil air
- Níl fáil air

SPRIOC

- Cré-umha a bhaint amach faoi 2023
- 100% de na baill foirne shinsireacha a bheith rannpháirteach faoi Mheán Fómhair 2023
- Próiseas bainistíochta riosca earnála curtha i bhfeidhm faoi Mheán Fómhair 2019

CUMASÓIR STRAITÉISEACH

Soláthar Éifeachtach agus Inbhuanaithe an Infreastruchtúir is Gá

Mar aitheantas ar a ról mar chumasóir bunriachtanach don rath sa toadhchá, leanfaimid de bheith ag forbairt agus ag feabhsú infreastruchtúr na hInstitiúide, ar a n-áirítear an timpeallacht fhisceach agus tógtha mar aon le trealamh seomra ranga agus saotharlainne. Ní mór d'fhorbairt ar bith dá leithéid aird a thabhairt ar na dúshlán timpeallachta agus inbhuanaitheachta atá romhainn go háitiúil agus go domhanda.



SPRIOCANNA

- Campas beoga, mealltach, inbhuanaithe agus inrochtana a chur ar fáil.
- Infreastruchtúr ardchaighdeán.
- Córais agus uirlisí éifeachtacha faisnéise inar féidir idir bhaill foirne, mhic léinn agus chomhpháirtithe idirghníomhú agus eolas agus faisnéis a chomhroinnt.
- Ár gcampais agus ár ngníomhaíochtaí a fhorbairt ar bhealach atá inbhuanaithe agus comhfhiosach ó thaobh an chomhshaoil de.

GNÍOMHAÍOCHTAÍ & TIONSCNAIMH

- Infheistíocht a dhéanamh inár n-eastát fisiceach agus fíorúil.
- Máistirphlean a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm d'fhorbairt gach campais.
- A chinntiú go bhfuil an t-infreastruchtúr is gá ag seomraí ranga, saotharlanna, stiúideonna, saotharlanna, etc. chun oideachas ardchaighdeán agus ábhartha a sheachadadh.
- Ár n-infreastruchtúr taighde a athnuachan agus a leathnú.
- Plean Inbhuanaitheachta a chruthú agus a chur i bhfeidhm don Institiúid.
- Pleananna agus tionscnaimh a fhorbairt, i gcomhpháirtíocht le comhpháirtithe ábhartha áitiúla agus réigiúnacha, d'iompar inbhuanaithe chuig agus ónár gcampais.
- Aonad faisnéise gnó a bhunú d'fhonn pleanáil, taighde agus cinnteoireacht institiúideach a éascú.

TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA

- Máistirphlean d'fhoirgnimh agus eastáit a fhorbairt
- An Lárionad Acmhainní Foghlama agus an tAiréana Spóirt a chríochnú agus foirgneamh 1974 a athchóiriú
- Stádas champais ghlais a bhaint amach

BONNLÍNE

- Níl fáil air
- Níl fáil air
- Níl fáil air

SPRIOC

- Máistirphlean curtha i gcrích faoi Eanáir 2019
- Le críochnú faoi Nollaig 2024
- Bainte amach faoi Eanáir 2021

CUMASÓIR STRAITÉISEACH

Inbhuanaitheacht Airgeadais agus Freagracht Fhioscach a Chinntiú

Forbróimid agus úsáidfimid sruthanna maoinithe d'fhonn an tionchar a uasmhéadú dár bpáirtithe leasmhara go réigiúnach agus go náisiúnta.

SPRIOCANNA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ & TIONSCNAIMH
<ul style="list-style-type: none">Diancheachtais agus rialuithe airgeadais a a chur i bhfeidhm agus tréniarracht a dhéanamh na caighdeáin is airde freagracht fhioscach a bhaint amach.Barrachas airgeadais bliain ar bhliain a bhaint amach d'fhonn soláthar a dhéanamh d'fhorbairt chaipitil agus straitéiseach.D'fhonn na deiseanna atá ar fáil don Institiúid a uasmhéadú agus spleáchas ar mhaoiniú státchiste a laghdú leanfaimid de bheith ag forbairt sruthanna malartacha ioncaim.	<ul style="list-style-type: none">Leanúint den lán-trédhearcacht i ráitis airgeadais.Comhlíontacht leanúnach le polasaí poiblí pá agus na rialuithe i líon na hearnála poiblí a chinntiú.Fundúireacht CIT a fhorbairt d'fhonn dul chun cinn institiúideach agus tiomsú airgid a éascú.

TÁSCAIRE FEIDHMÍOCHTA	BONNLÍNE	SPRIOC
<ul style="list-style-type: none">Barrachas airgeadais a bhaint amach d'fhonn tionscadail chaipitil agus tionscnaimh straitéiseacha a mhaoiniúCistí ó fhoinsí neamh-státchisteComhlíontacht leis na rialúcháin um sholáthar poiblí agus an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí	<p>Níl fáil air</p> <p>Níl fáil air</p> <p>100%</p>	<p>3% sa bhliain</p> <p>€250k sa bhliain faoi 2023</p> <p>100%</p>